Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10746/21**
**ADD 5**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0218(COD)**

**ENER 323**
**CLIMA 184**
**CONSOM 159**
**TRANS 469**
**AGRI 341**
**IND 192**
**ENV 511**
**COMPET 552**
**IA 133**
**CODEC 1074**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 622 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 622 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 622 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
SWD(2021) 622 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in- athnuaite a chur chun cinn, agus lena n- aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle**

{COM(2021) 557 final} - {SEC(2021) 657 final} - {SWD(2021) 620 final} - {SWD(2021) 621 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)** |
|---|
| Measúnú tionchair ar Threoir (AE) 2018/2001 maidir le cur chun cinn úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a leasú |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Bunaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar bhealach a rannchuideoidh le hiomaíochas, fás, agus fostaíocht san Eoraip. Chun an cuspóir sin a bhaint amachní mór sprioc laghdaithe astaíochtaí 55 % faoi 2030 a bheith ann, mar a dheimhnigh an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2020. Dá réir sin, tá gá le sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite atá i bhfad níos airde i gcóras fuinnimh comhtháite. Maidir le cuspóir an Aontais atá ann faoi láthair, a leagtar amach sa Treoir maidir le Fuinneamh in-athnuaite (REDII), fuinneamh in-athnuaite a bheith in 32 % ar a laghad den fhuinneamh in 2030, níl sé leordhóthanach agus is gá é a ardú go dtí 38-40 % de réir an Phlean um Sprioc Aeráide (CTP), mar aon le bearta tionlacain eile in earnálacha éagsúla i gcomhréir leis an gComhtháthú Córas Fuinnimh, leis an Straitéis Hidrigine, leis an Straitéis um Fhuinneamh in-athnuaite Amach ón gCósta agus leis an Straitéis Bhithéagsúlachta. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a úsáid níos mó faoi 2030, córais fuinnimh a chomhtháthú níos fearr agus cosaint do chuspóirí bithéagsúlachta agus aeráide a áirithiú san am céanna. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Maidir le méadú ar an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais, braitheann sin ar rannchuidithe náisiúnta ó gach Ballstát. Más rud é go mbeidh creat comhchoiteann dlíthiúil agus beartas atá comhaontaithe mar bhonn leis na rannchuidithe sin, beidh siad níos uaillmhéine agus costéifeachtaí. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?** |
| Is iad na príomhroghanna atá á mbreithniú: (1) sprioc mhéadaithe fuinnimh in-athnuaite ar leibhéal an Aontais le haghaidh 2030 sa raon 38-40 %, agus rannchuidithe náisiúnta ina gcuid de sin; (2) roghchlár beart níos leithne (lena gcumhdaítear bearta cumasúcháin maidir le téamh agus fuarú ceantair agus foirgnimh) mar aon le hoibleagáid maidir le méadú bliantúil 1.1 pointe céatadáin ar leibhéal na mBallstát agus maidir le breisiú táscach Ballstát-sonrach; (3) sprioc fhoriomlán iompair mhéadaithe, i gcomhréir leis an bPlean um Sprioc Aeráide, lena n-áirítear fo-spriocanna maidir le bithbhreoslaí forbartha agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; (4) tagarmharc AE le haghaidh foinsí in-athnuaite in earnáil na tionsclaíochta agus fo-sprioc i ndáil le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; (5) foinsí in-athnuaite leictreachais a chur chun cinn trí: (a) comhaontuithe ceannacháin cumhachta a chur chun cinn, (b) treoirthionscadail fuinnimh in-athnuaite thrasteorann, (c) bearta sonracha chun úsáid fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chothú; (6) Bearta sonracha chun leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair agus san earnáil téimh agus fuaraithe a phríomhshruthú; (7) córas deimhniúcháin AE agus cur chun cinn breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin; (8) neartú spriocdhírithe a dhéanamh ar chritéir inbhuanaitheachta REDII le haghaidh bithmhaise. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Léirigh tromlach na bhfreagraí (80 %) a fuarthas sa chomhairliúchán poiblí oscailte gurbh fhearr sprioc mhéadaithe i ndáil le foinsí fuinnimh in-athnuaite (RES) i gcomhréir leis an bPlean um Sprioc Aeráide (43 %) nó níos airde ná sin (37 %). Bhí 61 % i bhfabhar sprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Is iad an earnáil iompair agus an earnáil téimh agus fuaraithe an dá earnáil is mó a meastar go bhfuil gá le hiarrachtaí breise iontu, agus thacaigh tromlach na bhfreagróirí le spriocanna méadaithe maidir leis an dá earnáil ar leibhéal an Phlean um Sprioc Aeráide ar a laghad. Thacaigh na freagraí a fuarthas ó ghnólachtaí go háirithe le deimhniú agus cur chun cinn breoslaí |

| |
|---|
| in-athnuaite agus ísealcharbóin ar fud an Aontais. D’iarr 38,000 freagróir i bhfreagairt chomhordaithe bithmhais a bhaint den liosta foinsí in-athnuaite agus gan ach dramhaíl agus iarmhair atá ar fáil go háitiúil a úsáid le haghaidh bithfhuinnimh, cé gurbh fhearr le hionadaithe ceardchumainn, leis an lucht gnó agus le tromlach údarás poiblí gan na critéir inbhuanaitheachta le haghaidh bithmhaise a athrú. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Cabhraíonn na roghanna tosaíochta leis na Ballstáit go héifeachtach úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú, rud a rannchuidíonn le hastaíochtaí GCT san Aontas a laghdú 55 % faoi 2030, agus tacaíonn siad le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Tá ríthábhacht ag baint le húsáid mhéadaithe fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ó thaobh rannchuidiú le ceannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch an Aontais agus le poist agus fás a chruthú. Is é a thiocfadh as an méadú ar fhuinneamh in-athnuaite córas fuinnimh AE níos sláine agus níos comhtháite nach bhfuil chomh spleách sin ar allmhairí. Ar na príomhthosca a bhaineann le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir sna cathracha tá réitigh in-athnuaite le haghaidh na earnála téimh agus fuaraithe agus na hearnála iompair. Beidh tionchair dhearfacha ag critéir inbhuanaitheachta neartaithe le haghaidh bithfhuinnimh ar bhithéagsúlacht, ar an linn charbóin agus ar cháilíocht an aeir. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Beidh gá le hinfheistíocht bhreise shuntasach chun sprioc aeráide mhéadaithe le haghaidh 2030 a bhaint amach. I gcás na roghanna go léir, thángthas ar fhigiúirí iomlána a bhí comhchosúil. Ní thagann ach fás fíorbheag ar chostais fuinnimh mar sciar den tomhaltas teaghlaigh sna príomhchásanna i gcomparáid leis an mbunlíne. Maolaítear an caiteachas méadaitheach atá ann (i ngeall ar infheistíochtaí is gá le haghaidh aistriú fuinnimh glan agus na huasmharcála praghais carbóin) le tomhaltas méadaithe atá nasctha le fás eacnamaíoch. Maidir le caiteachas ar infheistíocht, mar mheán bliantúil (2021-2030), má dhéantar é a mheas gan beartais eile de chuid ‘Oiriúnach do 55’, beidh sé €13 billiún níos airde nuair a eisiatar an earnáil iompair, agus beidh costais an chórais fuinnimh €4 billiún níos airde nuair a eisiatar praghsáil carbóin agus dí-áirgiúlachtaí. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Beidh gá le hoibreacha tógála/athchóiriú foirgneamh chun úsáid fuinnimh in-athnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe agus i bhfoirgnimh a mhéadú, rud a mhéadóidh fostaíocht san earnáil. Is FBManna iad suas le 95 % de ghnólachtaí tógála, ailtireachta agus innealtóireachta sibhialta agus dá bharr sin, is dócha go mbeidh tionchar eacnamaíoch dearfach ar FBManna. Cabhróidh treoraíocht agus tacaíocht airgeadais maidir le comhaontuithe ceannacháin cumhachta le FBManna nach bhfuil na hacmhainní acu chun dul i ngleic le conarthaí casta. D’fhéadfadh critéir atá níos déine maidir le bithmhais foraoise costais mhéadaithe riaracháin agus ualach méadaithe riaracháin a chruthú d’úinéirí foraoisí beaga. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| I dtéarmaí costais riaracháin, ní dócha go mbeidh tionchair shuntasacha ann i ngeall ar mhéaduithe ar spriocanna, toisc go bhfuil córais faireacháin/chomhlíontachta i bhfeidhm cheana. Maidir le bithfhuinneamh, i roinnt Ballstát, is dócha go mbeidh costais faireacháin mhéadaithe i ndán d’údaráis náisiúnta, costais a bhaineann le teorainneacha connaidh agus le líon mór suiteálacha a chumhdaítear le critéir inbhuanaitheachta. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Leis an méadú ar RES san Aontas, rannchuideofar le slándáil an tsoláthair a mhéadú trí ionadú a dhéanamh ar bhreoslaí iontaise a allmhairítear ó thríú tíortha agus chun luaineacht maidir le seachtrachtaí a laghdú. Ba cheart tionchair dhearfacha a bheith ag critéir inbhuanaitheachta neartaithe le haghaidh bithmhais foraoise ar an mbithéagsúlacht, agus ba cheart go rannchuideodh sin leis an linn charbóin agus go laghdófaí truailliú aeir i ngeall ar na critéir sin. |
| **Comhréireacht?** |
| Meastar go bhfuil an pacáiste roghanna tosaíochta comhréireach agus go gcuireann sin leis an gceapadh beartais atá ann faoi láthair a mhéid agus is féidir. Meastar gurb iomchuí an chothromaíocht idir |

| |
|---|
| oibleagáidí agus an tsolúbthacht a thugtar do na Ballstáit maidir le conas na cuspóirí a bhaint amach ó tharla an gá le haeráidneodracht a bhaint amach. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Faoin Rialachán Rialachais, chuir na Ballstáit isteach a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, lena n-áirítear an sciar den fhuinneamh in-athnuaite i dtomhaltas deiridh fuinnimh, san earnáil téimh agus fuaraithe agus san earnáil iompair, mar aon le heolas breise faoina mbeartais agus faoina mbearta chun na spriocanna a bhaint amach. Tá pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe le bheith istigh in 2024. |